Gaelscoil



Átha Í

Polasaí um Chosaint Sonraí

Gaelscoil Áchaí

POLASAÍ UM CHOSAINT SONRAÍ

CLÁR

1. **Réamhráiteas**
2. **Prionsaibil Chosaint Sonraí**
3. **Scóip**
4. **Réasúnaíocht**
5. **Gaol le spiorad sainiúil na scoile**
6. **Sonraí Pearsanta**
    a) **Sonraí foirne**
    b) **Sonraí na ndaltaí**
    c) **Taifid Bhord Bainistíochta na scoile**
    d) **Taifid eile:**
        i. **Creidiúnaithe**
        ii. **Foirmeacha aisíocaíochta cánacha do charthanacht**
        iii. **Torthaí scrúdaithe**
7. **Nasc le polasaithe eile**
8. **Próiseáil sonraí de réir cearta an duine ábhartha sonraí**
9. **Róil agus Freagrachtaí**
10. **Cur i bhfeidhm an Pholasaí**
11. **Faomhadh agus Cumarsáid**
12. **Athbhreithniú agus Ráthúlacht**

AGUISÍNÍ

1. **School Record Retention Table**
2. **Written Third Party Dervice Agreement**
3. **Data Access Request Form**
4. **Data Audit**
5. **Consent Practices**

2.

POLASAÍ UM CHOSAINT SONRAÍ

1. RÉAMHRÁ

Baineann an polasaí seo le ***sonraí*** pearsanta a choinnítear ag Bord Bainistíochta na scoile, a bhfuil cosaint air faoi Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 – 2018 agus faoin Dlí Cosanta Sonraí Ginearálta (GDPR).
Baineann an polasaí seo le gach ball foirne, an Bord Bainistíochta, tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus le héinne eile a roinneann sonraí (daltaí réamhchláraithe agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus iarrthóirí ar phoist scoile san áireamh) sa mhéad is a bhaineann ábhar an pholasaí leo. Coinneofar na sonraí a roinntear linn go daingean, ionas go mbeidh cosaint á déanamh ar shonraí faoi iontaoibh de réir na ndlithe cuí. Leagann an polasaí seo amach conas a dhéanfar sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaireach a chosaint sa scoil.

Tá cur chuige "Príobháideachas d'Aon Ghnó ag Gaelscoil Átha Í i leith chosaint sonraí. Ciallaíonn sé seo go ndéantar pleanáil chúramach agus sonraí á mbailiú againn chun prionsabail chosaint sonraí a bheith mar chuid lárnach d'oibríochtaí sonraí. Déantar iniúchadh ar na sonraí a choinnítear chun:

1. A bheith in ann a sonraí féin a chur ar fáil do dhaoine
2. A chinntiú go gcoinnítear na sonraí sin go daingean
3. Cur síos a dhéanamh ar na beartais um chosaint sonraí sa scoil
4. Cur le cuntasacht agus le follasacht

2. PRIONSABAIL CHOSAINT SONRAÍ

Tá Bord Bainistíochta na scoile mar *rialaitheoir sonraí* ar *shonraí pearsanta a* bhaineann le baill reatha, caite agus todhchaí, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus baill eile de phobal na scoile. Mar sin, is gá don Bhord Bainistíochta cloí le prionsabail um chosaint sonraí mar a leagtar amach sna Dlíthe um Chosaint Sonraí 1988 – 2018 agus sa GDPR. Sonraíonn na prionsabail seo go mbeidh sonraí:

a) ***Próisithe go cothrom agus go dleathach***

Bailítear eolas faoi dhaltaí le cabhair na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus baill foirne. Faightear eolas ó scoileanna eile ar ar fhreastail siad chomh maith. Maidir le sonraí a bhíonn ag an scoil ó dhaoine eile (baill foirne, iarrthóirí ar phoist sa scoil, tuismitheoirí/caomhnóirí na ndaltaí, srl.), tugtar an t-eolas seo le cead aitheanta agus bailítear é le linn na tréimhse fostaíochta. Caithtear leis an eolas seo go léir de reir dlíthe Chosaint Sonraí agus sonraí an pholasaí seo. Bailítear agus déantar próiseáil ar an eolas seo ar bhealach cothrom.

b) ***Ceadaithe***

Nuair a bhíonn cead de dhíth chun sonraí a bhailiú (m.sh. sonraí chun a bheith mar bhall d'fhoireann spóirt/d'imeachtaí iar-scoile, srl.) is gá an cead seo a fháil ar bhealach sonrach, cinnte de réir tola an ábhair sonraí. Beidh gníomh soiléir, dearfach de dhíth ó Ghaelscoil Átha Í, m.sh. ag cur tic i mbosca nó ag síniú doiciméid, chun cead a léiriú. Is féidir le hábhair sonraí cead a aistharraingt sna cásanna seo.

c) Coinnithe ar chúiseanna sainráite agus dleathacha

Cuirfidh an Bord Bainistíocht in iúl do dhaoine an chúis a bhaineann le bailiú na sonraí áirithe agus an leas a bhainfear astu. Coinneofar an t-eolas uile ar leas an ábhair sonraí i gcónaí.

d) Úsáidte agus nochtaithe i mbealaí atá comhoiriúnacha leis na feidhmeanna seo

Déanfar sonraí a bhaineann le daoine aonair a phróiseáil ar bhealach comhoiriúnach leis an bhfeidhm bailithe. Scaoilfear le sonraí ar bhealach "gá le fios" amháin, agus ní roinnfear an t-eolas gan feidhm.

e) Coinnithe go sábháilte agus go daingean

Ní féidir ach leo siúd le gá sonraí pearsanta a fháil. Coinnítear sonraí pearsanta faoi ghlas i gcás sonraí scríofa agus i gcás sonraí leictreonacha, coinnítear iad ar ríomhairí le bogearraí slándála agus pasfhocail. Bíonn cosaint pasfhocail ar ghléasanna soghluaiste.

f) Coinnithe go beacht, comhlán agus reatha

Ba chóir go gcuireadh daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí, agus baill foirne in iúl don scoil más gá leasú a dhéanamh ar a gcuid sonraí pearsanta nó ar shonraí íogaireacha chun a bheith cinnte go bhfuil an t-eolas cruinn, comhlán agus reatha. Athróidh an scoil ansin na taifid chuí. Ní féidir taifid a athrú nó a scrios gan an chead cuí. Más gá leasú a dhéanamh, ba chóir síniú an duine a fháil ar athrú ar an mbunchóip de na sonraí.

g) Leordhóthanach, ábhartha agus gan a bheith iomarcach

Ní bhaileofar agus ní choinneofar ach an méid eolais gur ghá chun seirbhís chuimsitheach a chur ar fáil.

h) Coinnithe don tréimhse sainchuspóra amháin nó chun freastal ar a bhfeidhm a bhain leis an mbailiú

Go ginearálta, coinnítear an t-eolas do thréimhse an duine sa scoil. Ina dhiaidh sin, leanfar treoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le coinneáil sonraí i leith daltaí. I gcás bhall foirne,cloífear le treoirlínte and ROS agus na Coimisinéirí Ioncain maidir le coinneáil taifid ar fhostaithe. Coinneoidh an scoile sonraí ar feadh treimhse níos faide de réir na ndlithe reatha agus/nó chun cosaint a dhéanamh faoi dhlí fostaíochta agus/nó faoi chás dlí. Féach **Aguisín 1: School Record Retention.**

i) Ar fáil má iarrtar iad

Tá sé de cheart ag daoine a s(h)onraí pearsanta a lorg, chomh maith le heolas ar cé lena roinntear na sonraí agus an chúis leis an gcoinneáil.

3. SCÓIP

Baineann an polasaí seo le gach ball foirne, an Bord Bainistíochta, tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus le héinne eile a roinneann sonraí (daltaí réamhchláraithe agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus iarrthóirí ar phoist scoile san áireamh) sa mhéad is a bhaineann ábhar an pholasaí leo. Coinneofar na sonraí a roinntear linn go daingean, ionas go mbeidh cosaint á déanamh ar shonraí faoi iontaoibh de réir na ndlithe cuí. Leagann an polasaí seo amach conas a dhéanfar sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta íogaireach a chosaint sa scoil.

Sainmhíniú ar Théarmaí Chosaint Sonraí
Chun tuiscint fhoriomlán a fháil ar fhreagrachtaí scoile, seo a leanas cuid téarmaí gur chóir do bhaill foirne a thuiscint:

Sonraí Pearsanta: ciallaíonn seo aon eolas a bhaineann le duine gur féidir a aithint a thagann i seilbh ag an Rialaitheoir Sonraí (Bord Bainistíochta)

Rialaitheoir Sonraí: Sin Bord Bainistíochta na scoile

Ábhar Sonraí: an té lena mbaineann na sonraí pearsanta

Próiseáil Sonraí – ag déanamh oibríochtaí leis an eolas, mar shampla:

- Fáil, taifead nó coinneáil eolais
- Bailiú, eagrú, stóráil, athrú nó leasú sonraí
- Aisghabháil, dul i gcomhairle i dtaobh nó úsáid sonraí
- Roinnt sonraí trí scaipeadh nó á chur ar fáil
- Cur le chéile, cur bac ar, scriosadh nó glanadh sonraí

Riarthóir Sonraí - an té a dhéanann próiseáil ar shonraí thar cheann an rialaitheora, nach **fostaí leis an rialaitheoir atá ann**, mar chuid den fhostaíocht, mar shampla, fostaí le heagraíocht a fhostaítear chun obair a dhéanamh. Leagann dlíthe um Chosaint Sonraí freagrachtaí ar a leithéid maidir le próiseáil sonraí. Riarthóirí a n-úsáidtear ag Gaelscoil Átha Í ná Sales Pulse agus Collsoft

Baineann **Sonraí Pearsanta Íogaireacha** le sonraí a bhaineann le

- Cine nó le heitneach
- Tuairimí polaitiúla, creidimh nó fealsúnacha
- Sláinte coirp nó meabharshláinte
- Claonadh gnéis
- Sonraí géiniteach
- Ciontaithe nó líomhaintí coiriúla
- Ballraíocht de cheardchumann

Sárú ar shonraí – sárú ar chosaint a ghineann scrios timpisteach nó d'aon ghnó, athrú, cailliúint, nochtadh mídhleathach nó fáil ar shonraí gan chead. Ciallaíonn sé seo cailliúint nó scaoileadh, is cuma cá háit nó conas a tharlaíonn sé.

4. RÉASÚNAÍOCHT

Chomh maith le freagrachtaí dleathacha de réir dlithe oideachais, tá freagracht dhleathach ar an scoil de reir Dlíthe um Chosaint Sonraí 1988 – 2018 agus GDPR.

Míníonn an polasaí seo na cineálacha sonraí a bhailítear, cén chúis a bhaineann leis an mbailiú, fad stórála agus cén lena roinntear an t-eolas. Aithníomid agus glacaimid lenár bhfreagrachtaí go han-dáiríre agus is mian linn cleachtais a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta a chosaint. Aithnímid chomh maith an tábhacht a bhaineann le taifid chruinne a choinneáil agus a stóráil go daingean. Tugann na cleachtais seo deis don Phríomhoide agus don Bhord Bainistíochta cinnidh maidir le rith éifeachtach na scoile. Tá láimhseáil éifeachtach sonraí riachtanach chun cur le leanúnachas agus comhsheasmhacht i gcás athrú foirne na scoile nó an Bhoird Bainistíochta.

Freagrachtaí dlí eile
Tógann cur i bhfeidhm an pholasaí seo freagrachtaí dlí eile san áireamh. Tá dlúthbhaint ag cuid de na freagrachtaí seo le cosaint sonraí. Mar shampla:

Faoi **Mhír 9(g) den Acht Oideachais 1998**, tá rochtain ag tuismitheoirí, nó ag an dalta féin nuair a shroicheann siad 18 mbliana d'aois, ar shonraí a bhaineann le dul chun cinn an dalta le linn na tréimhse oideachais

Faoi **Mhír 20 den Acht Oideachais (Leas) 2000**, is gá do scoil taifead do gach dalta a choinneáil
sa Chlárleabhar

Faoi **Mhír 20(5) den Acht Oideachais (Leas) 2000**, tá dualgas ar phríomhoide eolas maidir le tinreamh daltaí agus eolas eile a ghabhann le dul chun cinn oideachasúil an dalta a roinnt le príomhoide ar scoil a mbeidh siad ag freastal uirthi. Cuireann Gaelscoil Átha Í cóip de *Phas Oideachais* an dalta, mar a shonraítear ag an NCCA, ar aghaidh chuig príomhoide na meánscoile cláraithe cuí tríd an bpost.

Sa chás go mbíonn tuairisc ullmhaithe ag daoine gairmiúla, lasmuigh d'fhoireann Ghaelscoil Átha Í, mar chuid de chomhaid na ndaltaí, ní chuirfear an t-eolas sin ar aghaidh ach le cead sonrach scríofa ó thuismitheoirí an dalta.

Faoi **Mhír 21 den Acht Oideachais (Leas) 2000**, is gá do scoileanna tinreamh laethúil na ndaltaí uile a thaifead.

Faoi **Mhír 28 den Acht Oideachais (Leas) 2000,** is féidir le scoileanna sonraí pearsanta ar dhaltaí a sholáthar d'fhorais airithe (An Roinn Oideachais agus Scileanna, Tusla, NCSE agus scoileanna eile). Caithfidh an Bord Bainistíochta a chinntiú go bhfuil feidhm ábhartha (stair

oideachais agus forbartha, monatóireacht ar dhul chun chinn, taighde a dhéanamh ar scrúdaithe, rannphairtíocht san oideachas agus éifeacht ghinearálta oideachais ina measc).

Faoi **Mhír 14 den Acht EPSEN 2004**, tá dualgas ar scoileanna eolas a roinnt leis an NCSE (agus fostaithe léi, SENOnna san áireamh) de reir mar a lorgaítear é.

Sonraíonn an **Acht um Shaoráil Fáisneise 2014** go bhfuil cead rochtain ar eolas a choinnítear ag forais phoiblí nach gá gur eolas pearsanta atá ann, maraon le dlíth chosaint sonraí. Cé nach n-áirítear scoileanna faoin Acht seo (seachas scoileanna faoi réir an ETB), is gá taifid a seoladh cheana chuig foras a clúdaítear faoin Acht (Roinn Oideachais agus Scileanna, mar shampla) a scaoileadh má iarrtar ar an bhforas sin don eolas.

Faoi **Mhír 26(4) den Acht Sláinte 1947**, is féidir le scoileanna sonraí pearsanta a roinnt le húdáráis shláinte (ainmneacha agus seoltaí na ndaltaí san áireamh) má chuirtear in iúl go bhfuil na sonraí de dhíth chuig cigireacht sláinte m.sh. scrúdaithe súl

De réir **Acht Children First 2015,** tá dualgas ar dhaoine sainordaithe buairt faoi chaomhnú páistí a chur ar aghaidh chuig Tusla (nó chuig na Gardaí sa chás nach mbíonn Tusla ar fáil).

5. GAOL LE SPIORAD SAINIÚIL NA SCOILE:

Is mian le Gaelscoil Átha Í:

- Go mbainfidh daltaí a n-ardchumais phearsanta amach
- Timpeallacht shlán shábhailte a chur ar fáil chun foghlaim a chothú
- Meas a chothú d'éagsúlacht luachanna, creidimh, traidisiúin, teangacha agus bealaí maireachtála

Is mian linn na cuspóirí sin a bhaint amach agus muid airdeallach ar phríobhaideachas agus ar chearta chosaint sonraí an uile dalta, ball foirne, tuismitheoir/caomhnóir agus siúd uile a dhéanann cumarsaid linn. Cuirfear na cuspóirí seo chun cinn comhthreomhar le cearta an duine faoi dhlíthe um chosaint sonraí.

6. SONRAÍ PEARSANTA

D'fhéadfadh na sonraí seo a leanas a bheith mar chuid de *shonraí pearsanta* a choinnítear ag an scoil:

a) Taifid Foirne:

i. Rannóga thaifid foirne:

Chomh maith le hiar-bhaill foirne agud baill reatha, baineann na taifid seo le hiarrthóirí ar phoist sa scoil, le habhair-oidí agus le hoidí faoi phromhadh.

San aireamh leis na taifid foirne seo, d'fhéadfadh:

- Ainm, seoladh, sonraí teagmhála agus uimhir PPS
- Ainm agus sonraí teagmhala i gcás eigeandála
- Bunchóipeanna d'iarratais agus ceapacháin do phostanna freagrachta
- Taifead ar as láithreachtaí (sos gairme, saoire tuismitheora, srl.)
- Taifead ar obair (cáilíochtaí, ranganna múinte, abhair, srl.)
- Sonraí ar eachtraí/thimpistí ar láthair na scoile nó bainteach leis an mball foirne i mbun oibre don scoil
- Taifid ar thuairiscí déanta ag an scoil (nó ag baill foirne) i leith baill foirne chuig rannóga Stáit nó forais eile faoi Acht *Children First* 2015

ii. *Feidhmeanna:*

Coinnítear taifid foirne chun:

- Bhainistíocht agus riarachán scoile (reatha agus sa todhchaí) a éascú
- Riaracháin a dhéanamh ar íocaíochtaí foirne agus chun teidlíocht (pinsean srl.) airgeadais a riaradh
- Theidlíocht pinsin sa todhchaí a ríomh
- Bainstíocht foirne a laimhseáil
- Taifead a choinneail ar ardú céime (taifid ar iarratais phoist) agus ar athrú dualgais
- Dualgais na scoile mar fhostóir a chomhlíonadh, láthair slán, éifeachtach agus múinteoireachta a sholáthar de réir freagrachtaí ón Acht um Shabhailteacht, Shláinte agus Leas ag Obair, 2005 san áireamh
- Cloígh le riachtanais a leagtar ar scoileanna ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, ag na Coimisineirí Ioncaim, NCSE, Tusla, HSE agus aon rannóg stáir nó foras reachtúil eile
- Cloígh le dlíthe ábhartha don scoil.

iii. Suíomh agus cleachtais slándála i nGaelscoil Átha Í:

a. Coinnítear cóipeanna crua faoi ghlas i dtaisceadán daingean in oifig riaracháin a bhíonn faoi ghlas. Bíonn rochtain ag pearsanra ainmnithe ceadaithe ar na sonraí seo. Is gá d'fhostaithe na scoile rúndacht na sonraí a choinneáil.

b. Coinnítear sonraí digiteacha ar ríomhaire le pasfhocal agus bogearraí slándála air san oifig riaracháin a bhíonn faoi ghlas. Cuirtear alaram gadaíochta ar siúl lasmuigh d'amanna scoile.

b) Taifid ar Dhaltaí:

i. Rannóga de thaifid ar dhaltaí:

San áireamh, féadfaidh:

- Eolas a lorgaítear ar chlárúchán na ndaltaí a bhféadfadh a bheith bailithe agus cláraithe le linn na treimhe scolaíochta linn. Ina measc siúd ná:
  - ainm, seoladh, sonraí teagmhala, uimhir PPS an dalta
  - dáta agus suíomh breithe
  - ainmneacha agus seoltaí le tuismitheoirí/caomhnóirí agus a sonraí teagmhála (socruithe ábhartha i leith caomhnóireacht, cúram nó rochtain)
  - creideamh
  - cine nó cúlra eithneach
  - ballraíocht den Lucht Siúil, más cuí
  - má tá Cárta Leighis acu (nó ag tuismitheoirí)
  - más Béarla máthairtheanga an dalta nó má tá tacaíocht shonrach sa Bhéarla de dhíth
  - aon eolas ábhartha eile (riachtanais speisialta oideachais, cúrsaí sláinte, etc.) a bhaineann leis an dalta
- Eolas ar oideachas réamh-chlárúcháin (tuairiscí, litreacha molta, measúnaithe nó taifid ó scoil eile) ó scoileanna/shuímh oideachais ar fhreastail an dalta air
- Measúnaithe siceolaíocha, síciatracha agus/nó slainte
- Taifid ar thinreamh
- Grianghraifeanna nó íomhánna taifeadtha (ag ócáidí scoile nó ag leiriú baint amach)
- Taifid acadúla – ábhair glactha, tionscnaimh ranga, torthaí scrúdaithe mar a shonraítear ar thuairiscí bliantiúla scoile
- Taifead ar bhaint amach
- Teidlíocht ar dhíolúine ón nGaeilge
- Taifid ar eachtraí iompair/iniúchad ar eachtraí agus/nó smachtbhannaí a leagadh ar an dalta
- Taifid eile m.sh. tuairiscí ar thimpistí (Nóta: is cóir don scoil cur in iúl do thuismitheoirí go bhfuil taifead a choinneáil ar a leitheád cáis)
- Taifid ar thuairiscí déanta ag an scoil (nó fostaí na scoile) maidir leis an dalta chuig forais stáit faoi Acht *Children First 2015*

ii. Feidhmeanna:

Coinnítear na taifid seo chun:

- Seans a thabhairt do gach paist barr a c(h)umais a bhaint amach
- Cloígh le freagrachtaí dleathacha agus riaracháin
- Cinntiú gur féidir le daltaí ábhartha leas a bhaint as tacaíocht oideachais agus airgeadais cuí
- Tacú le soláthar theagasc Críostaí
- Ligint don scoil teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí i gcásanna eigeandála nó dúnadh scoile, nó chun tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas maidir le dul chun cinn na ndaltaí, nó chun eolas a scaipeadh maidir le hócáidí scoile, srl.
- Freastal ar riachtanais oideachais, sóisialta, fisiciúla agus mothalacha na ndaltaí

- Ceiliúradh a dhéanamh ar shaothair. Glactar grianghraifeanna chun bliainiris a chur le chéile, chun cur le suíomh idirlín na scoile, chun taifid a choinneail ar ócáidí scoile, agus chun stair na scoile a thaifead.
- Cinntiú go gcomhlíonann an dalta coinníollacha iontrála na scoile
- Cinntiú go gcomhlíonann daltaí íos-aois freastail do bhunscoileanna
- Cinntiú go gcomhlíonanna daltaí a chuireann isteach ar dhíolúine ón nGaeilge na coinníollacha cuí
- Sonraí a sholáthar don Roinn Oideachais agus Scileanna, son NCSE, do Thusla, agus do scoileanna eile de réir treoir na rannóga Stáit cuí
- Sonraí a chur ar fáil ar iarraidh ón dalta (nó ó thuismitheoirí/chaomhnóirí muna bhfuil aois 18 mbliana sroichte ag an dalta) nó do scoileanna iar-bhunleibhéil.

iii. Suíomh agus cleachtais slándála i nGaelscoil Átha Í:

a. Coinnítear cóipeanna crua faoi ghlas i dtaisceadán daingean in oifig riaracháin a bhíonn faoi ghlas. Bíonn rochtain ag pearsanra ainmnithe ceadaithe ar na sonraí seo. Is gá d'fhostaithe na scoile rúndacht na sonraí a choinneáil.
b. Coinnítear sonraí digiteacha ar ríomhaire le pasfhocal agus bogearraí slándála air san oifig riaracháin a bhíonn faoi ghlas. Cuirtear alaram gadaíochta ar siúl lasmuigh d'amanna scoile.

c) Taifid an Bhoird Bainistíochta:

i. Rannóga shonraí an Bhoird Bainistíochta:

- Ainm, seoladh agus sonraí teagmhála bhaill an Bhoird (iar-bhaill san áireamh)
- Taifid maidir le ceapacháin don Bhord Bainistíochta
- Miontuairiscí chruinnithe an Bhoird agus comhfhreagras an Bhoird (litreacha molta san áireamh)

ii. Feidhmeanna:

Chun ligint don Bhord Bainistíocht feidhmniú de réir an Acht Oideachais 1998 agus dlíthe cuí eile agus chun taifead a choinneáil ar cheapacháin Bhoird agus cinnidh a thógtar.

iii. Suíomh agus cleachtais slándála i nGaelscoil Átha Í:

a. Coinnítear cóipeanna crua faoi ghlas i dtaisceadán daingean in oifig riaracháin a bhíonn faoi ghlas. Bíonn rochtain ag pearsanra ainmnithe ceadaithe ar na sonraí seo. Is gá d'fhostaithe na scoile rúndacht na sonraí a choinneáil.
b. Coinnítear sonraí digiteacha ar ríomhaire le pasfhocal agus bogearraí slándála air san oifig riaracháin a bhíonn faoi ghlas. Cuirtear alaram gadaíochta ar siúl lasmuigh d'amanna scoile.

d) Taifid Eile: Creidiúnaithe

i. Rannóga shonraí coinnithe ag an mBord Bainistíochta:

Féadfaidh an scoil cuid nó an uile eolais seo a leanas a choinneáil maidir le credidiúnaithe:

- ainm
- seoladh
- sonraí teagmhála
- uimhir PPS
- sonraí cánacha
- sonraí bainc
- méid íoctha

ii. Feidhmeanna:

Coinnítear sonraí creidiúnaithe ar na cúiseanna seo a leanas:

Bíonn an t-eolas seo de dhíth chun bainistíocht agus riarachán a dhéanamh ar chúrsaí airgid na scoile, íoc sonraisc, cur le chéile cuntais bhliantiúla agus iniúchadh na gComisinéirí Ioncaim san áireamh.

iii. Suíomh agus cleachtais slándála i nGaelscoil Átha Í

a. Coinnítear cóipeanna crua faoi ghlas i dtaisceadán daingean in oifig riaracháin a bhíonn faoi ghlas. Bíonn rochtain ag pearsanra ainmnithe ceadaithe ar na sonraí seo. Is gá d'fhostaithe na scoile rúndacht na sonraí a choinneáil.

b. Coinnítear sonraí digiteacha ar ríomhaire le pasfhocal agus bogearraí slándála air san oifig riaracháin a bhíonn faoi ghlas. Cuirtear alaram gadaíochta ar siúl lasmuigh d'amanna scoile.

e) Taifid Eile: Foirmeacha aisíochta cánach do charthanacht

i. Rannóga shonraí coinnithe ag an mBord Bainistíochta:

Féadfaidh an scoil na sonraí seo a leanas a choinneáil maidir le síntiúis charthanacht don scoil:

- ainm
- seoladh
- sonraí teagmhala
- uimhir PPS
- ráta cánach
- síniú
- méid iomlan an síntiúis.

ii. Feidhmeanna:

Is féidir le scoileanna scéim aisíocaíochta cánach a úsáid maidir le síntiúis a thugtar dóibh. Chun an aisíoc a fháil, is gá don síntiúsóir teastas CHY2 a chur ar aghaidh chuig an scoil. Coinnítear an t-eolas seo sa scoil do chás iniúchadh ag na Coimisinéirí Ioncaim.

iii. Suíomh agus cleachtais slándála i nGaelscoil Átha Í:

a. Coinnítear cóipeanna crua faoi ghlas i dtaisceadán daingean in oifig riaracháin a bhíonn faoi ghlas. Bíonn rochtain ag pearsanra ainmnithe ceadaithe ar na sonraí seo. Is gá d'fhostaithe na scoile rúndacht na sonraí a choinneáil.

b. Coinnítear sonraí digiteacha ar ríomhaire le pasfhocal agus bogearraí slándála air san oifig riaracháin a bhíonn faoi ghlas. Cuirtear alaram gadaíochta ar siúl lasmuigh d'amanna scoile.

f) *Taifid Eile: Torthaí Scrúdaithe*

i. *Rannóga shonraí coinnithe ag an mBord Bainistíochta:*

Coinníonn an scoil eolas maidir le torthaí scrúdaithe na ndaltaí. San aireamh anseo ná scrúdaithe ranga, téarma, bliantiúla, measúnú leanúnacha agus scrúdaithe caighdeánaithe.

ii. *Feidhmeanna:*

An phríomhfheidhm a bhaineann le coinneáil na dtorthaí scrúdaithe ná chun dul chun cinn an dalta a mheas agus chun bunús cinnte a chruthú chun comhairle a chur ar thuismitheoirí/chaomhnóirí nó ar an dalta féin i leith an dul chun cinn sin. Is feidir an t-eolas seo a rangú nó a thuairsciú chun nósanna scoile a aithint. Feadfaidh an t-eolas seo a roinnt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, NCCA agus scoileanna eile chuig a mbogann na daltaí.

iii. *Suíomh agus cleachtais slándála i nGaelscoil Átha Í*

a. Coinnítear cóipeanna crua faoi ghlas i dtaisceadán daingean in oifig riaracháin a bhíonn faoi ghlas. Bíonn rochtain ag pearsanra ainmnithe ceadaithe ar na sonraí seo. Is gá d'fhostaithe na scoile rúndacht na sonraí a choinneáil.
b. Coinnítear sonraí digiteacha ar ríomhaire le pasfhocal agus bogearraí slándála air san oifig riaracháin a bhíonn faoi ghlas. Cuirtear alaram gadaíochta ar siúl lasmuigh d'amanna scoile.

7. NAISC LE POLASAITHE SCOILE EILE

Is gá go mbeidh ár bpolasaithe scoile ag tacú lena chéil, laistigh den Phlean Scoile. Deanfar athbhreithniú ar pholasaithe scoile ábhartha i gcomhar leis an bPolasaí um Chosaint Sonraí agus déanfar deileáil le haon impleachtaí a n-eascraíonn dá réir.

Féadfadh tionchar a bheith ag an bPolasaí um Chosaint Sonraí ar na polasaithe seo a leanas:

- Pupil Online Database (POD): Bailiú sonraí do bhunachar na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Caomhnú Páistí
- Beartas Frith-bhulaíochta
- Cód Iompair na Scoile
- Polasaí Iontrála agus Rannpháirtíochta
- Úsáid Inghlactha TFC
- Polasaí Measúnaithe
- Polasaí do Riachtanais Oideachais Speisialta
- Polasaí Leabharlainne
- Scéim scoile do Leabhair Chíosa
- Polasaí do Theagmhais Chriticiúil
- Straitéis um Fhreastal Scoile

8. PRÓISEÁIL SONRAÍ DE RÉIR CEARTA AN DUINE ÁBHARTHA SONRAÍ

Déanfar deileáil le sonraí sa scoil seo ag tabhairt san áireamh cearta an duine ábhartha. Bíonn na cearta seo a leanas an an duine ábhartha:

- Fios a bheith acu cén sonraí pearsanta a ghabhann leo a choinnítear sa scoil Request access to *any data* held about them by a data controller
- Bac a chur ar úsáid a sonraí pearsanta don díolachán díreach
- Iarratas a dhéanamh chun eolas míchruinn a leasú
- Iarratas a dhéanamh sonraí nach bhfuil ábharthach a scriosadh

Riarthóirí Sonraí

Nuair a chuireann scoil sonraí amach chuig riarthóirí seachtracha, tá dualgais dleathach ar an scoil conradh scríbhinn a bheith ann. Féach **Aguisín 2: Written Third Party Service Agreement**. Sonraíonn an comhaontú seo na coinníollacha gur féidir na sonraí a phrósieáil, coinníollach slándála a ghabhann leis agus gur ghá na sonraí a scriosadh nó a ais-sheoladh ar fhoirceannadh an chonartha.

Sárú ar Shonraí Pearsanta

Is gá aon eachtra a bhaineann le sárú shonraí pearsanta a chur in iúl d'Oifig an Chomisinéara Chosaint Sonraí laistigh de 72 uair.

Sa chás go mbíonn baol ann do chearta nó do shaoirse daoine, is gá don Bhord Bainistíochta an sárú a chur in iúl don té sin gan mhoill.

Má fhaigeann riarthóir sonraí eolas faoi shárú shonraí pearsanta, is gá an t-eolas seo a roinnt leis an mBord Bainistíochta (rialaitheoir sonraí) gan mhoill.

If a data processor becomes aware of a personal data breach, it must bring this to the attention of the data controller (BoM) without undue delay.

Ag deileáil le hiarratas ar shonraí

Tá cead sonraí pearsanta a lorg ach iarratas scríofa a chur isteach.

Féach **Aguisín 3: Data Access Request Form.**

Is gá freagra a thabhairt ar an iarratas laistigh de mhí. Uaireanta, beidh síneadh ama de dhíth m.sh. i rith laethanta saoire nó eile.

Ní feidir táille a ghearradh ar an iarratas seo ach amhain sa chás go mbíonn iarratais leanúnacha ann nó go mbíonn na hiarratais gan chúis nó iomarcach.

Ní chuirtear aon eolas pearsanta a bhaineann le daoine eile seachas an duine ábhartha ar fáil.

Ag roinnt eolais ar an ngUthán

Ba chóir d'fhostaithe a bheith airdeallach faoi shonraí a scaoiltear ar an nguthán.

Go háirithe, ba chóir don fhostaí:

- Iarraidh ar an té iarratas scríofa a chur isteach
- Comhairle an Phríomhoide a lorg i gcásanna deacra/achrannacha
- Gan brú a bheith orthu eolas a scaoileadh.

9. RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ

Is e an Bord Bainistíonchta and Rialaitheoir Sonraí sa scoil agus cuireann an Príomhoide an polasaí i bhfeidhm sa scoil, ag cinntiú go bhfuil freagrachtaí i leith chosaint sonraí ar eolas acu siúd a ndéanann deileáil le sonraí pearsanta sa scoil.

Seo a leanas iad siúd le freagrachtaí sonracha i leith chosaint sonraí

Ainm	**Freagracht**
Bord Bainistíochta:	Rialaitheoir Sonraí
Príomhoide:	Cur i bhfeidhm an pholasaí

10. CUR I BHFEIDHM AN PHOLASAÍ

Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí ag an bPríomhoide, baill foirne agus an Bord Bainistíochta.

11. FAOMHADH AGUS CUMARSÁID

Rinneadh faomhadh ar an bpolasí seo don chéad uair ag cruinniú den Bhord Bainistíochta ar 26ú Samhain 2018. Cuireadh taifeadh den fhaomhadh seo sna miontuairiscí.

12. ATHBHREITHNIÚ AGUS RÁTHÚLACHT

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo de réir an plean forbartha scoile.
Déanfar athbhreithniú agus ráthúlacht an pholasaí a mheas de reir treoirlínte nó malairt eolais a thagann chun cinn (ón ROS, Tusla, ón gCoimisinéir um Chosaint Sonraí nó eile), aischothú ó thuismitheoirí, ó bhaill foirne nó eile.

Cuireadh an polasaí seo faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta ar
agus rinneadh faomhadh air.

SÍNITHE

_____	_____
Treasa Uí Néill,	Eoin ó Pluincéid
Cathaoirleach.	*Príomhoide.*
Dáta:	

Gaelscoil



Átha Í

Data Protection Policy

DATA PROTECTION POLICY

CONTENTS

1. Introductory Statement
2. Data Protection Principles
3. Scope
4. Rationale
5. Relationship to characteristic spirit of the school
6. Personal Data
    a) Staff records
    b) Student records
    c) Board of Management records
    d) Other records:
        i. Creditors
        ii. Charity tax-back forms
        iii. Examination results
7. Links with other policies
8. Processing in line with a Data Subject's rights
9. Roles and Responsibilities
10. Ratification and Communication
11. Implementation of the Policy
12. Review and Evaluation

APPENDICES

1. School Record Retention Table
2. Written Third Party Dervice Agreement
3. Data Access Request Form
4. Data Audit
5. Consent Practices

DATA PROTECTION POLICY

1. Introductory Statement

The school's Data Protection Policy applies to the ***personal data*** held by the school's Board of Management (BoM), which is protected by the Data Protection Acts 1988 to 2018 and the EU General Data Protection Regulation (GDPR).

The policy applies to all school staff, the Board of Management, parents/guardians, students and others (including prospective or potential students and their parents/guardians and applicants for staff positions within the school) insofar as the measures under the policy relate to them. Data will be stored securely, so that confidential information is protected in compliance with relevant legislation. This policy sets out the manner in which personal data and special categories of personal data will be protected by the school

Gaelscoil Átha Í operates a "***Privacy by Design***" method in relation to Data Protection. This means we plan carefully when gathering personal data so that we build in the ***data protection principles*** as integral elements of all data operations in advance. We audit the personal data we hold in order to

1. be able to provide access to individuals to their data
2. ensure it is held securely
3. document our data protection procedures
4. enhance accountability and transparency

2. Data Protection Principles

The school BoM is a *data controller* of *personal data* relating to its past, present and future staff, students, parents/guardians and other members of the school community. As such, the BoM is obliged to comply with the principles of data protection set out in the Data Protection Acts 1988 to 2018 and GDPR, which can be summarised as follows:

a) ***Obtain and process Personal Data fairly***

Information on students is gathered with the help of parents/guardians and staff. Information is also transferred from their previous schools. In relation to information the school holds on other individuals (members of staff, individuals applying for positions within the School, parents/guardians of students, etc.), the information is generally furnished by the individuals themselves with full and informed consent and compiled during the course of their employment or contact with the School. All such data is treated in accordance with the Data Protection legislation and the terms of this Data Protection Policy. The information will be obtained and processed fairly.

b) ***Consent***

Where consent is the basis for provision of personal data, (e.g. data required to join sports team/ after-school activity or any other optional school activity) the consent must be a freely-given, specific, informed and unambiguous indication of the data subject's wishes. Gaelscoil Átha Í will require a clear, affirmative action e.g. ticking of a box/signing a document to indicate consent. Consent can be withdrawn by data subjects in these situations.

c) Keep it only for one or more specified and explicit lawful purposes

The BoM will inform individuals of the reasons they collect their data and the uses to which their data will be put. All information is kept with the best interest of the individual in mind at all times.

